

[07_03_1.mp3](#)**Bileog 7.3****Foinse:** RnaG**Clár:** Nuacht a haon**Dáta:** 27 Feabhra 2009**Intreoir:** Scéalta náisiúnta nuachta.**Mír 1 – Canúint an Deiscirt**

Tá an Bord Scrúdaithe Timpistí Mara tar éis liodán mór lochtanna a aimsiú ina bhfiosrúchán faoi shuncáil an bháid iascaigh, an *FB Discovery* a bhí ag iascach amach ó Bhaile Chaisleáin Bhéarra ar an 27 d'Eanáir 2007. Seo é Finín Ó Tuama.

Fuair an Bord amach nach raibh an criú ag caitheamh beilteanna sábháilteachta agus iad ag obair, go raibh an iomarca éisc á thógaint ar bord nuair a bhí an bád ag suncáil, nach raibh éinne ag glacadh le horduithe, nár dúradh leis an scipéir go raibh an bád i mbaol suncála agus gur lean an scipéir air ag tarraingt líonta gan aon iarracht a dhéanamh a fháil amach cad ina thaobh go raibh an bád ag iompú ar a cíle. Fuarthas amach leis, nár éirigh le cuid den gcriú seaicéidí sábháilteachta a chur orthu sara gcuadar i bhfarraige agus ar na raftanna agus go gcuaiigh raft amháin faoi loch. Níor thóg sé ach timpeall ceathrú uair a chloig den *MVF Discovery* suncáil agus roinnt uaireanta a chloig ina dhiaidh sin tugadh an criú ar bord an tancaeir ola (*an tancaera* a deirtear) an *MT Front Commander*.

[07_03_2.mp3](#)**Mír 2 – Canúint an Tuaiscirt**

Tá inní mhór ar lucht gnó agus ar phobal an iar-thuaiscirt i ndiaidh eachtra eile robáil armtha tarlú sa cheantar aréir. Tharla an robáil armtha i siopa an *Chope* in Anagaire go díreach roimh a naoi a chlog nuair a chuaigh fear le púicín air agus grán-ghunna ar iompar aige isteach sa tsiopa agus d'iarr airgead ar an fhreastalaí. Seo tuairisc ó Frances Nic Éidí.

Beirt bhan a bhí ag obair i siopa an *Chope* aréir nuair a tharla an eachtra. Bhí siad ag déanamh réidh leis an tsiopa a dhruid don oíche. Tháinig an fear a bhí ag caitheamh púicín agus a raibh grán-ghunna ar iompar aige isteach sa tsiopa ar cheathrú go dtí a naoi agus mála leis. D'iarr sé ar dhuine de na cailíní an mála a líonadh le hairgead an tsiopa. D'fhág an gadaí an siopa le suim airgid agus tuairiscítear go ndeachaigh sé thar an sconsa i bpáirc cóngarach don tsiopa agus gur éalaigh sé i bhfeithicil a bhí ag fanacht leis. Bhí na mná a bhí ag obair ag an am iontach cráite aréir agus cuireadh cóir leighis orthu sa tsiopa. Bhí 6 aonad de na Gardaí ar an láthair aréir.

[07_03_3.mp3](#)**Mír 3 – Canúint an Iarthair**

Topaic 7

Beidh cruinniú eolais ag an gcomhlacht *Fuinneamh Sceirde Teoranta* in óstán Chuan Charna tráthnóna inniu le haghaidh an staidéir tionchar timpeallachta atá déanta acu i leith na feirme gaoithe a chur i láthair an phobail. Tá súil ag *Fuinneamh Sceirde Teoranta* feirm ghaoithe ina mbeadh scór tuirbín gaoithe a thógáil i ngar do na Sceirde atá 5km siar ó dheas don Mhuighinis i gCarna. Deir Seosamh Ó Laoi ón gcomhlacht *Fuinneamh Sceirde Teoranta* go mbeadh súil acu an oiread cumhachta a chur ar fáil agus a dhéanfadh 75 míle teach ach a mbeidh an fheirm tógtha. Tá sé i gceist acu a bheith ag giniúint leictreachais ansin faoin mbliain 2015. Tá *Fuinneamh Sceirde Teo* ag réiteach don fhorbairt seo ar na Sceirde le 7 mbliana anuas. Ag a sé a chlog tráthnóna inniu a bheas an cruinniú eolais ar bun in óstán Chuan Charna.